

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 224



An t-eagrán Gaeilge

### Reachtaíocht

Imleabhar 66

12 Meán Fómhair 2023

Clár

#### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/1753 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh píreaprosaisfeine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1754 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1755 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealríosca iarmhair ó dhriogadh saille a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 18
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1756 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealríosca *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 23
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrín, eoigeanól, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilin, foistiasáit, géiréiniól, MCPA, MCPB, própacuiséafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinporad, tíomól agus tríteasulfúrón <sup>(1)</sup> ..... 28

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 34

CINNÍ

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1759 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe do mhiasniteoirí tí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022 agus Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2017 ..... 100

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1760 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le haitheantas a thabhairt don tuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla ó shaothrú olashíl canóla (síol ráibe) san Astráil faoi Airteagal 31(3) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ..... 105

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/1753 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh pireaprocsaifeine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás pireaprocsaifeine, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn III, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) tuairim réasúnaithe isteach maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh pireaprocsaifeine <sup>(2)</sup>. Mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana le haghaidh pireaprocsaifeine ar mhatán, saill, ae agus duán mucra/bó-ainmhithe/gabhair/capail, mar aon le bainne bó/capail a íslíú go dtí an teorainn cinnidh (‘LOD’) i gcomhréir leis an bprionsabal MRLanna a leagan síos ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún agus ar bhonn sonraí tacaíochta leordhóthanacha maidir leis na dea-chleachtais talmhaíochta (‘GAPanna’) reatha. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí an MRL le haghaidh pireaprocsaifeine a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainnithníonn an tÚdarás.
- (3) Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur i gcás na MRLanna a bhaineann le pireaprocsaifein in almóinní, castáin, cnónna coill, cnónna peacáin, cnónna písteise, gallchnónna, eithní cnónna péine, torthaí póma, fionchaora, ológa boird, dátphlumáí Seapánacha, anainn, trátaí, piobair mhilse, ubhthorthaí, guird a bhfuil craiceann inite acu agus mealbhacáin uisce, ba cheart iad a íslíú i gcomhréir leis an bprionsabal MRLanna a leagan síos ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún agus ar bhonn na GAPanna agus uasteorainneacha na n-iarmhar Codex (‘CXLanna’) reatha a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí <sup>(3)</sup>. Ina theannta sin, tháinig sé ar an gconclúid gur cheart na MRLanna le haghaidh pireaprocsaifeine ar aibreoga, péitseoga, plumáí, sútha talún, mangónna, papánna, mealbhacáin, síolta cadáis agus tae a choinneáil ar bun ar bhonn na GAPanna agus na CXLanna reatha a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí <sup>(4)</sup>. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart na

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for pyriproxyfen according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh pireaprocsaifeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]; *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(11):7617.

<sup>(3)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Scientific support for preparing an EU position in the 51st Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 51ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]; *EFSA Journal* [Iris EPSA] 2019;17(7):5797.

<sup>(4)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Scientific support for preparing an EU position for the 52nd Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]; *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(8):6766.

MRLanna le haghaidh pireaprocsaifeine ar thorthaí citris, silíní agus cumcuataí a ardú ar bhonn na GAPanna agus na CXLanna reatha a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Ós rud é gur dheimhnigh an tÚdarás i dtuairim réasúnaithe roimhe sin <sup>(3)</sup> go bhfuil an MRL le haghaidh pireaprocsaifeine ar bhananaí sábháilte do thomhaltóirí, is féidir an MRL sin a choinneáil ar bun. Mar sin féin, toisc go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil, ba ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Dá bhrí sin, déanfar athbhreithniú ar na MRLanna le haghaidh na mbianna seo a leanas, cé go meastar na MRLanna sin a bheith sábháilte: almóinní, castáin, cnónna coill, cnónna peacáin, cnónna pistéise, gallchnónna, eithní cnónna péine, torthaí póma, fionchaora, ológa boird, dátphlumaí Seapánacha, anainn, trátaí, piobair mhilse, ubhthorthaí, guird a bhfuil craiceann inite acu, mealbhacáin uisce, aibreoga, péitseoga, plumaí, sútha talún, mangónna, papánna, mealbhacáin, síolta cadáis, tae, torthaí citris, silíní, cumcuataí agus bananaí. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh pireaprocsaifeine ar na táirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainithníonn an tÚdarás.

- (4) Ós rud é gur shainithin an tÚdarás nach raibh aon triail ar iarmhair ar fáil chun luachanna MRL a dhíorthú le haghaidh pireaprocsaifeine i macadaimia, abhacáid, pomagránaití, céiriomoighe, prátaí, prátaí milse agus ionaim, glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra, glasraí bleibíní, oca, puimcíní, glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí), leitísí agus plandaí sailéid, spionáistí agus duilleoga comhchosúla, biolair uisce, sreabháin na Beilge, luibheanna agus bláthanna inite, glasraí léagúmacha, glasraí gais, pónairí (tirime), agus pónairí soighe, ba ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. In éagmais na dtrialacha sin ar gá iad chun luach MRL a dhíorthú, measann an Coimisiún gurb iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. I gcás pireaprocsaifeine, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.
- (6) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (8) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun. Is amhlaidh an cás le haghaidh na dtáirgí uile.
- (9) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasáidh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 2 Aibreán 2024.

<sup>(3)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for pyriproxyfen in bananas* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh pireaprocsaifeine i mbananaí]; *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2016;14(2):4387.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach an colún seo a leanas le haghaidh píreaprocсаifeine:

## ‘IARSCRÍBHINN II

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(e)</sup>	Píreaprocсаifein (F)
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>	
0110000	<b>Torthaí citris</b>	<b>0,7</b>
0110010	Seadóga	(+)
0110020	Oráistí	(+)
0110030	Líomóidí	(+)
0110040	Líomaí	(+)
0110050	Mandairíní	(+)
0110990	Eile (2)	
0120000	<b>Cnónna crann</b>	<b>0,01 (*)</b>
0120010	Almóinní	(+)
0120020	Cnónna Brasaíleacha	(+)
0120030	Cnónna caisiú	(+)
0120040	Castáin	(+)
0120050	Cnónna cócó	(+)
0120060	Cnónna coill	(+)
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	(+)
0120090	Eithní cnónna péine	(+)
0120100	Cnónna pistéise	(+)
0120110	Gallchnónna	(+)
0120990	Eile (2)	
0130000	<b>Torthaí póma</b>	
0130010	Úlla	<b>0,05(+)</b>
0130020	Piorraí	<b>0,01 (*) (+)</b>
0130030	Cainchí	<b>0,01 (*) (+)</b>
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	<b>0,01 (*) (+)</b>
0130050	Locuatanna	<b>0,01 (*) (+)</b>
0130990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>

0140000	<b>Torthaí cloiche</b>	
0140010	Aibreoga	0,4(+)
0140020	Silíní (iad milis)	1,5(+)
0140030	Péitseoga	0,5(+)
0140040	Plumaí	0,3(+)
0140990	Eile (2)	0,01 (*)
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>	
0151000	(a) <b>fionchaora</b>	0,01 (*)
0151010	Fionchaora boird	(+)
0151020	Fíniúnacha coiteanna	(+)
0152000	(b) <b>sútha talún</b>	0,05(+)
0153000	(c) <b>torthaí cána</b>	0,01 (*)
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) <b>torthaí beaga eile agus caora eile</b>	0,01 (*)
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>	
0161000	(a) <b>craiceann inite</b>	
0161010	Dátaí	0,01 (*)
0161020	Figí	0,01 (*)
0161030	Ológa boird	0,01 (*) (+)
0161040	Cumcuait	0,5(+)
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*) (+)
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)
0161990	Eile (2)	0,01 (*)

0162000	(b) <b>craiceann do-ite, é beag</b>	<b>0,01</b> (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumáí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) <b>craiceann do-ite, é mór</b>	
0163010	Abhacáid	<b>0,01</b> (*)
0163020	Bananaí	0,7(+)
0163030	Mangónna	<b>0,02</b> (*) (+)
0163040	Papánna	0,3(+)
0163050	Pomagránaití	<b>0,01</b> (*)
0163060	Céiriomoighe	<b>0,01</b> (*)
0163070	Guábhaí	<b>0,01</b> (*)
0163080	Anainn	<b>0,01</b> (*) (+)
0163090	Torthaí aráin	<b>0,01</b> (*)
0163100	Duraígh	<b>0,01</b> (*)
0163110	Úlla deilgneacha	<b>0,01</b> (*)
0163990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>	
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>	<b>0,01</b> (*)
0211000	(a) <b>prátaí</b>	
0212000	(b) <b>glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) <b>glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra</b>	
0213010	Meacain bhiaais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	



0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	<b>0,01 (*)</b>
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	
0231000	(a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>	
0231010	Trátaí	<b>0,7(+)</b>
0231020	Piobair	<b>0,6(+)</b>
0231030	Ubhthorthaí	<b>0,6(+)</b>
0231040	Ocra	<b>0,01 (*)</b>
0231990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>
0232000	(b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>	<b>0,04</b>
0232010	Cúcamair	(+)
0232020	Gircíní	(+)
0232030	Cúirséid	(+)
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>	
0233010	Mealbhacáin	0,07(+)
0233020	Puimcíní	<b>0,01 (*)</b>
0233030	Mealbhacáin uisce	<b>0,02(+)</b>
0233990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>
0234000	(d) <b>arbhar milis</b>	<b>0,01 (*)</b>
0239000	(e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>	<b>0,01 (*)</b>
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	<b>0,01 (*)</b>
0241000	(a) <b>praiseach bhlátha</b>	
0241010	Brocaílí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	

0242000	(b) <b>praiseach chinn</b>	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	(c) <b>praiseach dhuilleach</b>	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	(d) <b>cálráibí</b>	
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>	
0251000	(a) <b>leitísí agus plandaí sailéid</b>	<b>0,01 (*)</b>
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	(b) <b>spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	<b>0,01 (*)</b>
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsléáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) <b>duilleoga caor finiúna agus speicis chomhchosúla</b>	<b>0,01 (*)</b>
0254000	(d) <b>biolair uisce</b>	<b>0,01 (*)</b>
0255000	(e) <b>sreabháin na Beilge</b>	<b>0,01 (*)</b>
0256000	(f) <b>luibheanna agus bláthanna inite</b>	<b>0,02 (*)</b>
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	

0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	<b>Léagúim</b>	<b>0,01 (*)</b>
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	<b>Glasraí gais</b>	<b>0,01 (*)</b>
0270010	Lus súpach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	<b>0,01 (*)</b>
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	<b>0,01 (*)</b>
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	<b>0,01 (*)</b>
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	
0401000	<b>Olashíolta</b>	
0401010	Ros lín	<b>0,01 (*)</b>
0401020	Piseanna talún	<b>0,01 (*)</b>
0401030	Síolta poipín	<b>0,01 (*)</b>

0401040	Síolta seasamain	<b>0,01</b> (*)
0401050	Síolta lus na gréine	<b>0,01</b> (*)
0401060	Síolta ráibe	<b>0,01</b> (*)
0401070	Pónairí soighe	<b>0,01</b> (*)
0401080	Síolta mustaird	<b>0,01</b> (*)
0401090	Síolta cadáis	0,05(+)
0401100	Síolta puimcín	<b>0,01</b> (*)
0401110	Síolta cróch bréige	<b>0,01</b> (*)
0401120	Síolta borraíste	<b>0,01</b> (*)
0401130	Caimilín	<b>0,01</b> (*)
0401140	Síolta cnáibe	<b>0,01</b> (*)
0401150	Pónairí ricne	<b>0,01</b> (*)
0401990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)
0402000	<b>Olathorthaí</b>	<b>0,01</b> (*)
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	(+)
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme oila	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	<b>GRÁNAIGH</b>	<b>0,01</b> (*)
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>	
0610000	<b>Taenna</b>	15(+)
0620000	<b>Pónairí caife</b>	0,05 (*)
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>	0,05 (*)

0631000	(a) <b>bláthanna</b>	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmáin	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) <b>duilleoga agus luibheanna</b>	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) <b>fréamhacha</b>	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) <b>aon chuid eile den phlanda</b>	
0640000	<b>Pónairí cócó</b>	0,05 (*)
0650000	<b>Carúib</b>	0,05 (*)
0700000	<b>LEANNLUSANNA</b>	0,05 (*)
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>	
0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	0,05 (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choiré	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	

0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitol	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	0,05 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>	
0840010	Liocras	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,05 (*)
0850000	<b>Spíosraí ón mbachlóg</b>	0,05 (*)
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	0,05 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	0,05 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	<b>0,01 (*)</b>
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>	
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>	<b>0,01 (*)</b>
1011000	(a) <b>mucra</b>	
1011010	Matán	
1011020	Saill	
1011030	An t-ae	

1011040	An duán	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1011990	Eile (2)	
1012000	<b>(b) bó-ainmhí</b>	
1012010	Matán	
1012020	Saill	
1012030	An t-ae	
1012040	An duán	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1012990	Eile (2)	
1013000	<b>(c) caoraigh</b>	
1013010	Matán	
1013020	Saill	
1013030	An t-ae	
1013040	An duán	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1013990	Eile (2)	
1014000	<b>d) gabhar</b>	
1014010	Matán	
1014020	Saill	
1014030	An t-ae	
1014040	An duán	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1014990	Eile (2)	
1015000	<b>(e) eachaí</b>	
1015010	Matán	
1015020	Saill	
1015030	An t-ae	
1015040	An duán	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1015990	Eile (2)	
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>	
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	

1017000	(g) <b>ainmhithe talún feirme eile</b>	
1017010	Matán	
1017020	Saill	
1017030	An t-ae	
1017040	An duán	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1017990	Eile (2)	
1020000	<b>Bainne</b>	<b>0,01 (*)</b>
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	<b>Uibheacha éan</b>	<b>0,01 (*)</b>
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	<b>Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)</b>	0,05 (*)
1050000	<b>Débheathaigh agus Reiptílí</b>	<b>0,01 (*)</b>
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	<b>0,01 (*)</b>
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	<b>0,01 (*)</b>
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>	
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>	
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>	

(\*) íostearainn an chinnidh anailísigh

(†) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

### Pireaprocsaifein (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 12 Meán Fómhair 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0110010 Seadóga**

**0110020 Oráistí**

**0110030 Líomóidí**

**0110040 Líomáí**

**0110050 Mandairíní**



---

0120010 Almóinní  
0120020 Cnónna Brasaíleacha  
0120030 Cnónna caisiú  
0120040 Castáin  
0120050 Cnónna cócó  
0120060 Cnónna coill  
0120080 Cnónna peacáin  
0120090 Eithní cnónna péine  
0120100 Cnónna pistéise  
0120110 Gallchnónna  
0130020 Piorraí  
0130030 Cainchí  
0130040 Torthaí ón meispeal Gearmánach  
0130050 Locuatanna  
0140010 Aibreoga  
0140030 Péitseoga  
0151010 Fíonchaora boird  
0151020 Fíniúnacha coiteanna  
0152000 (b) sútha talún  
0161030 Ológa boird  
0161040 Cumcuait  
0161060 Dátphlumaí Seapánacha  
0163030 Mangónna  
0163040 Papánna  
0163080 Anainn  
0231010 Trátáí  
0231020 Piobair mhilse/piobair chloigíneacha  
0231030 Ubhthorthaí  
0232010 Cúcamair  
0232020 Gircíní  
0232030 Cúirséid  
0233010 Mealbhacáin  
0401090 Siolta cadáis  
0402010 Ológa le haghaidh táirgeadh ola  
0610000 Taenna

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair agus faoi mhodhanna anailíse sainitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 12 Meán Fómhair 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0130010 Úlla  
0140020 Silíní (iad milis)  
0140040 Plumaí  
0163020 Bananaí  
0233030 Mealbhacáin uisce'

---

(2) I gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar an colún le haghaidh píreaprosáifeine:

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1754 ÓN gCOIMISIÚN  
an 11 Meán Fómhair 2023**

**lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> tá earráid i gCuid ORO, Fochuid FC, Roinn 1, pointe ORO.FC.100(c), d'Iarscríbhinn III a dhéanann difear do shubstaint na forála sin a mhéid a bhaineann leis na ceadúnais agus na rátálacha a cheanglaítear.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.
- (3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 65(1) de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, ar tuairim í a thug an coiste uaidh sular glacadh Rialachán (AE) Uimh. 965/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1755 ÓN gCOIMISIÚN****an 11 Meán Fómhair 2023****lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca iarmhair ó dhriogadh saille a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh iarmhair ó dhriogadh saille mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) An formheas ar an tsubstaint ghníomhach iarmhair ó dhriogadh saille, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé sin in éag an 15 Nollaig 2024.
- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Seice, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Fraince, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí iarmhair ó dhriogadh saille a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus an Choimisiúin í an 25 Feabhra 2021. Ina dhreacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas ar iarmhair ó dhriogadh saille a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil go poiblí. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (8) An 5 Eanáir 2023 chuir an tÚdarás a chonclúid in iúl don Choimisiún <sup>(6)</sup>, conclúid ar dá réir is féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh iarmhair ó dhriogadh saille na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus dréacht-Rialachán maidir le hiarmhair ó dhriogadh saille faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 22 Márta 2023 agus an 25 Bealtaine 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu agus cuireadh san áireamh iad.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach iarmhair ó dhriogadh saille, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Thairis sin, measann an Coimisiún gur substaint ghníomhach ísealriosca iad iarmhair ó dhriogadh saille de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ní substaint ar údar inmí iad iarmhair ó dhriogadh saille agus comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (13) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas iarmhar ó dhriogadh saille mar shubstaint ghníomhach ísealriosca a athnuachan.
- (14) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil atá ann faoi láthair agus thoradh an mheasúnaithe riosca, is gá, áfach, íonacht íosta a leagan síos i leith iarmhair ó dhriogadh saille agus uasmhéid a leagan síos i leith an eisíontais nicil sna hiarmhair ó dhriogadh saille mar a mhonaraítear iad chun sábháilteacht na substainte gníomhaí a áirithiú nuair a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí í.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa iarmhar ó dhriogadh saille go dtí an 15 Nollaig 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir le hathnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

### Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan

An formheas ar an tsubstaint ghníomhach iarmhair ó dhriogadh saille, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

<sup>(6)</sup> *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance fat distillation residues* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach iarmhair ó dhriogadh saille] *EFSA Journal* [Iris EFSA] doi:10.2903/j.efsa.2023,7811.

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfid alúmanaim, síleacáit alúmanaim, cairbíd chailciam, ciamocsainil, dódamorf, eitéilín, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, floiniocaimíd (IKI-220), aigéad gibrilín, gibrilíní, halasulfúrón-meitil, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfid mhaighnéisiam, maltaideistrin, meitimíotrón, olaí planda/ola clóibh, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, comhdhúile píreatríam, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 178, 13.7.2023, lch. 1).

*Airteagal 2***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hlarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
Iarmhair ó dhriogadh saille Níl Uimh. CAS ar fáil 915 (Uimh. CIPAC)	Níl sé ar fáil	<p>≥ 400 g/kg d'aigéid shailleacha scoilte (saor/eistear-nasctha)</p> <p>aigéad pailmíteach íoschion 19 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>aigéad stéarach íoschion 18 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>aigéad oiléach íoschion 37 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>luach aigéid íosta 70 mg KOH/g</p> <p>Is ábhar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta é an t-eisíontas seo a leanas agus ní rachaidh sé thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil: uaschion nicile 0,1 g/kg</p>	1 Samhain 2023	31 Deireadh Fómhair 2038	<p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfeadh san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hiarmhair ó dhriogadh saille, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí.</p>

<sup>(1)</sup> Soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí sa tuarascáil athnuachana.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 229 maidir le hiarmhair ó dhriogadh saille;

(2) i gCuid D, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
44	Iarmhair ó dhriogadh saille Níl Uimh. CAS ar fáil 915 (Uimh. CIPAC)	Níl sé ar fáil	<p>≥ 400 g/kg d'aigéid shailleacha scoilte (saor/eistear-nasctha)</p> <p>aigéad pailmíteach íoschion 19 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>aigéad stéarach íoschion 18 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>aigéad oiléach íoschion 37 % de na haigéid shailleacha scoilte</p> <p>luach aigéid íosta 70 mg KOH/g</p> <p>Is ábhar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta é an t-eisíontas seo a leanas agus ní rachaidh sé thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil:</p> <p>uaschion nicile 0,1 g/kg</p>	1 Samhain 2023	31 Deireadh Fómhair 2038	<p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hiarmhair ó dhriogadh saille, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí".</p>

<sup>(1)</sup> Soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí sa tuarascáil athnuachana.



## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1756 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2023

lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áiríodh *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) Substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Lúnasa 2024.
- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Gearmáine, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D’ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 16 Deireadh Fómhair 2020. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Rinne an tÚdarás na barúlacha a fuarthas a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (8) An 4 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tÚdarás a chonclúid <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún go bhféadfaí coinne a bheith leis go gcomhlíonadh *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus dréacht den Rialachán seo maidir le *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 22 Márta 2023 agus an 24 Bealtaine 2023, faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Thairis sin, measann an Coimisiún gur substaint ghníomhach ísealriosca atá in *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Comhlíonann *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ós rud é go mbaineann sé leis an bhfine *Baculoviridae* agus nár léirigh sé éifeachtaí díobhálacha ar aon fheithid nach spriocfheithid í.
- (13) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) mar shubstaint ghníomhach ísealriosca a athnuachan.
- (14) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus i gcomhar le hAirteagal 6 de, agus i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil reatha agus thoradh an mheasúnaithe riosca, is gá, mar sin féin, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch ábhartha agus cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar *per se* gur iogróirí féideartha miocroorgánaigh.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV) go dtí an 15 Lúnasa 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(6)</sup> EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2022. *Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance Cydia pomonella granulovirus (CpGV)*, EFSA Journal 2022;20(11):7630 [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), Iris EFSA]. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis an síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, fospeiceas Kurstaki de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidíneafop, *Cydia pomonella* Granulovirus (CpGV), ciopróidíníl, déchlórpróp-P, feinporocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, piridibein, pirimeiteanail, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, trichlóipir, trineicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

An formheas ar an tsubstaint ghníomhach *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV), mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
<i>Cydia pomonella</i> granulovirus (CpGV)	Ní bhaineann le hábhar	<i>Bacillus cereus</i> : < 1 × 10 <sup>7</sup> CFU/g sna táirgí sainfhoirmle.	1 Samhain 2023	31 Deireadh Fómhair 2038	<p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Cydia pomonella</i> granulovirus (CpGV), agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— na dálaí comhshaoil agus an anailís rialaithe cáilíochta a choinneáil ar bun go docht le linn an phróisis monaraíochta, cleachtas a chinnteoidh an táirgeoir lena áirithiú go ndéanfaí na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear sa Doiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>,</li> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad na miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide.</li> </ul> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</p>

<sup>(1)</sup> Sa Tuarascáil Athbhreithniúcháin PLAN/2023/240 soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> [https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-10/pesticides\\_ppp\\_app-proc\\_guide\\_phys-chem-ana\\_microbial-contaminant-limits.pdf](https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-10/pesticides_ppp_app-proc_guide_phys-chem-ana_microbial-contaminant-limits.pdf)

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 198 maidir le *Cydia pomonella* granulovirus (CpGV);

(2) i gCuid D, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
'45	<i>Cydia pomonella</i> granulovirus (CpGV)	Ní bhaineann le hábhar	<i>Bacillus cereus</i> : < 1×10 <sup>7</sup> CFU/g sna táirgí sainfhoirmle.	1 Samhain 2023	31 Deireadh Fómhair 2038	<p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le <i>Cydia pomonella</i> granulovirus (CpGV), agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— na dálaí comhshaoil agus an anailís rialaithe cáilíochta a choinneáil ar bun go docht le linn an phróisis monaraíochta, cleachtas a chinnteoidh an táirgeoir lena áirithiú go ndéanfaí na teorainneacha ar éilliú micribhitheolaíoch a urramú, teorainneacha dá dtagraítear sa Doiciméad Oibre SANCO/12116/2012 <sup>(2)</sup>,</li> <li>— cosaint na n-oibreoirí agus na n-oibríthe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad na miocroorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide.</li> </ul> <p>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.</p>

<sup>(1)</sup> Sa Tuarascáil Athbhreithniúcháin PLAN/2023/240 soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

<sup>(2)</sup> [https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-10/pesticides\\_ppp\\_app-proc\\_guide\\_phys-chem-ana\\_microbial-contaminant-limits.pdf](https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-10/pesticides_ppp_app-proc_guide_phys-chem-ana_microbial-contaminant-limits.pdf)

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1757 ÓN gCOIMISIÚN****an 11 Meán Fómhair 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrín, eoigeanól, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilín, foistiasáit, géiréiniól, MCPA, MCPB, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad, tíomól agus tríteasulfúrón**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle, <sup>(1)</sup> agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De réir Airteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(2)</sup>, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Liostaítear substaintí gníomhacha a fhortheastar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, agus liostaítear substaintí gníomhacha a fhortheastar mar shubstaintí atá le hionadú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid E den Iarscríbhinn sin.
- (2) Na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, foistiasáit, MCPA, MCPB, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad, agus tríteasulfúrón, liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Liostaítear na substaintí gníomhacha eoigeanól, géiréiniól agus tíomól i gCuid B agus liostaítear an tsubstaint ghníomhach fluimeitrilín i gCuid E den Iarscríbhinn sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí beansulfúrón, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, foistiasáit, MCPA, MCPB, prósulfacarb, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam agus teabúifeinpiorad go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023, le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha clóirmeacuat, própacuiseafop, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, agus tríteasulfúrón go dtí an 30 Samhain 2023 agus le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí fluimeitrilín go dtí an 11 Nollaig 2023.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 8-hidrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, beansulfúrón, défheanocs, clóirmeacuat, clóratolúrón, clóifeintisín, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrín, díceamba, défheanaconasól, défhlufeineacan, démhéiteaclór, eisfeanvailéaráit, eatafeanprocs, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilín, foistiasáit, leanacail, MCPA, MCPB, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, próiheicseaidé-ón, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, sulfar, teabúifeinpiorad, teitreaconasól, trí-alláit, trífhulsulfúrón agus tríteasulfúrón (IO L 233, 8.9.2022, lch. 43).

- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/184 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí fluairíd sulfairile go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.
- (5) Tá formheas na substainte gníomhaí eoigeanól le dul in éag an 30 Samhain 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 546/2013 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup>.
- (6) Tá formheas na substainte gníomhaí géiréiniól le dul in éag an 30 Samhain 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 570/2013 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>.
- (7) Tá formheas na substainte gníomhaí tíomól le dul in éag an 30 Samhain 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 568/2013 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>.
- (8) Cuireadh isteach iarratais agus sainchomhaid fhorlíontacha chun formheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(9)</sup>. Dhearbhaigh na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann go raibh na hiarratais sin uile inghlactha.
- (9) Maidir leis na substaintí gníomhacha clóirmeacuat, eoigeanól, fluimeitrilin, foistiasáit, géiréiniól, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad agus tíomól, níl an measúnú riosca a rinne na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 tugtha chun críche go fóill.
- (10) Maidir leis na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóratolúrón, deiltemheitrin, MCPA agus MCPB, tá gá le breis ama ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) chun teacht ar chonclúid a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe de dhíth ina leith. Thairis sin, tá gá le breis ama ag an gCoimisiún chun an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin a ghlacadh.
- (11) Maidir leis na substaintí gníomhacha clómasón, daimínisíd, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat agus tríteasulfúrón, d’iarr an tÚdarás faisnéis bhreise de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus chuir na hiarratasóirí isteach í laistigh den tréimhse a shocraigh an tÚdarás. Mar sin féin, tá gá le breis ama ag an Údarás chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a gheofar, chun conclúid a ghlacadh i dtaobh an féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh na substaintí gníomhacha na critéir formheasa agus chun go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin.

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/184 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha FEN 560 (ar a dtugtar feinigréag nó púdar síl feinigréig freisin) agus fluairíd sulfairile (IO L 34, 8.2.2018, lch. 10).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 546/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach eoigeanól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 163, 15.6.2013, lch. 17).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 570/2013 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach géiréiniól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 168, 20.6.2013, lch. 18).

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 568/2013 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach tíomól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 167, 19.6.2013, lch. 33).

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26), ar Rialachán é a leanann d’fheidhm a bheith aige maidir leis an nós imeachta chun na substaintí gníomhacha sin a athnuachan de bhun Airteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).

- (12) Ós rud é gur dócha nach bhféadfar aon chinneadh a dhéanamh maidir le formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan sula rachaidh a dtréimhsí formheasa lena mbaineann in éag an 31 Deireadh Fómhair 2023, an 30 Samhain 2023 agus an 11 Nollaig 2023, agus nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí lena mbaineann ar na cúiseanna atá leis na moilleanna ar na nósanna imeachta athnuachana, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha chun gur féidir na measúnuithe a cheanglaítear a chur i gcrích agus chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta cinnteoireachta rialála maidir leis na hiarratais lena mbaineann ar fhormheas a athnuachan.
- (13) Ós rud é nach bhfuil an measúnú riosca tugtha chun críche ag na Ballstáit is rapóirtéirí go fóill, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, i gcás na substaintí gníomhacha clóirmeacuat, foistiasáit, própacuisseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-éitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad, ba cheart tréimhse 39 mí de shíneadh a shocrú agus i gcás na substaintí gníomhacha eoigeanól, fluimeitriлин, géiréiniól agus tíomól, ba cheart tréimhse 29 mí de shíneadh a shocrú.
- (14) Ós rud é go bhfuil gá le breis ama ag an Údarás chun teacht ar chonclúid maidir leis an measúnú riosca ar na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóratólúrón, deiltemheitrin, MCPA agus MCPB, conclúid a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe de dhíth ina leith, ba cheart 33.5 mhí de shíneadh a shocrú i gcás na substaintí gníomhacha sin.
- (15) Ós rud é gur iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart 22.5 mí de shíneadh a shocrú i gcás na substaintí ghníomhaí daimínisíd, agus ós rud é gur gá breis ama chun meastóireacht a dhéanamh, ba cheart 19.5 mí de shíneadh a shocrú i gcás na substaintí gníomhacha clómasón, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat agus tríteasulfúrón.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (17) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforálfar nach ndéanfar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta a leagfaidh an Coimisiún síos mar dháta éaga an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo nó dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena bhforáiltear nach ndéanfar formheas na substainte gníomhaí a athnuachan, cibé dáta acu sin is déanaí. A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar maidir le hathnuachan formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos, de réir mar is iomchuí sna himthosca.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 mar a leanas:

1. Leasaítear Cuid A mar a leanas:

- (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 40, Deiltemheitrin, cuirtear '15 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 65, Fluifeanaicéat, cuirtear '15 Meitheamh 2025' in ionad an dáta;
- (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 69, Foistiasáit, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 102, Clóratolúrón, cuirtear '15 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 104, Daimínisíd, cuirtear '15 Meán Fómhair 2025' in ionad an dáta;
- (6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 107, MCPA, cuirtear '15 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 108, MCPB, cuirtear '15 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 160, Prósulfacarb, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 161, Fluidhé-ocsainil, cuirtear '15 Meitheamh 2025' in ionad an dáta;
- (10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 162, Clómasón, cuirtear '15 Meitheamh 2025' in ionad an dáta;
- (11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 186, Tríteasulfúrón, cuirtear '15 Iúil 2025' in ionad an dáta;
- (12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 271, Beansulfúrón, cuirtear '15 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 272, 5-Nítreaguaidheacóláit sóidiam, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (14) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 273, o-Nítrifeanóláit sóidiam, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (15) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 274, p-Nítrifeanóláit sóidiam, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (16) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 275, Teabúifeinpiorad, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta;
- (17) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 276, Clóirmeacuat, cuirtear '28 Feabhra 2027' in ionad an dáta;
- (18) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 278, Própacúiseafop, cuirtear '28 Feabhra 2027' in ionad an dáta;
- (19) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 279, Cuisileafop-P-eitil agus Cuisileafop-P-teafuiril, cuirtear '28 Feabhra 2027' in ionad an dáta;
- (20) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 307, Fluairíd sulfairile, cuirtear '31 Eanáir 2027' in ionad an dáta.

2. Leasaítear Cuid B mar a leanas:
  - (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 45, Eoigeanól, cuirtear '30 Aibreán 2026' in ionad an dáta;
  - (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 46, Géiréiniól, cuirtear '30 Aibreán 2026' in ionad an dáta;
  - (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 47, Tíomól, cuirtear '30 Aibreán 2026' in ionad an dáta;
3. leasaítear Cuid E mar a leanas:

sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 1, Fluimeitriлин, cuirtear '11 Bealtaine 2026' in ionad an dáta.

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1758 ÓN gCOIMISIÚN****an 11 Meán Fómhair 2023****lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 26 Aibreán 2019, chuir Salveco SAS iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha ar a dtugtar ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’ de chineálacha táirgí 2, 3 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Fraince meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-HC051278-51 sa Chlár do Tháirgí Bithicéideacha.
- (2) Is é aigéad L-(+)-lactach an tsubstaint ghníomhach atá in ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’, substaint a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh chineálacha táirgí 2, 3, agus 4.
- (3) An 7 Eanáir 2022, rinne an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (4) An 5 Iúil 2022, chuir an Ghníomhaireacht a tuairim <sup>(2)</sup> faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh (‘SPC’) atá ag ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’, maille leis an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an bhfine táirgí bithicéideacha.
- (5) Sa tuairim sin, is é conclúid na tuairime gur fine táirgí bithicéideacha atá in ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’ de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh a chomhlíonadh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.
- (6) An 20 Iúil 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (7) Comhaontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé, dá bhrí sin, gurb íomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicéideacha ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicéideacha,

<sup>(1)</sup> IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.<sup>(2)</sup> Tuairim ó ECHA an 15 Meitheamh 2022 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh ‘SALVECO SALVESAFE PRODUCTS’ (ECHA/BPC/346/2022), <https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation>

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0028967-0000 do Salveco SAS maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 2 Deireadh Fómhair 2023 go an 30 Meán Fómhair 2033.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

## ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

## SALVECO SALVESAFE PRODUCTS

Cineál táirge 2 - Dífhabh táin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabh táin)

Cineál táirge 3 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabh táin)

Cineál táirge 4 - An réimse bia agus beatha (Dífhabh táin)

Uimhir an údaráithe: EU-0028967-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0028967-0000

## CUID I

## AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

## 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Ainm an tacair

Ainm	SALVECO SALVESAFE PRODUCTS
------	----------------------------

## 1.2. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabh táin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabh táin) PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabh táin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabh táin)
-----------------------------	--

## 1.3. Sealbhóir an údaráithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaráithe	Ainm	SALVECO S.A.S.
	Seoladh	Avenue Pierre Mendès-France Z.A. Hellieule 4, F 88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc
Uimhir an údaráithe	EU-0028967-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0028967-0000	
Dáta an údaráithe	An 2 Deireadh Fómhair 2023	
Dáta éaga an údaráithe	An 30 Meán Fómhair 2033	

## 1.4. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

Ainm an déantóra	SALVECO S.A.S
Seoladh an déantóra	Avenue Pierre Mendès-France, F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Avenue Pierre Mendès-France, F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc

Ainm an déantóra	GESTRA S.A.S
Seoladh an déantóra	Allée Robert Schumann, F-88110 RAON-L'ETAPE An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Allée Robert Schumann, F-88110 RAON-L'ETAPE An Fhrainc

### 1.5. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an déantóra	PURAC BIOCHEM BV
Seoladh an déantóra	Gran Vial 19-25, 08160 Montmelo An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Gran Vial 19-25, 08160 Montmelo An Spáinn

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an déantóra	JUNGBUNZLAUER S.A
Seoladh an déantóra	Z.I Portuaire BP 32, 67390 Marckolsheim An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Z.I Portuaire BP 32, 67390 Marckolsheim An Fhrainc

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacaí

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad L-(+)-lachtach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627	31,33
Carbosaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		0,0	28,8
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		0,0	8,23

### 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

Foirmlíú (nó foirmlithe)	SL – Tiúchán intuaslachta AL – Aon leacht eile
--------------------------	---

## CUID II

## AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

## META SPC 1

## 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1

## 1.1. Aitheantóir Meta SPC 1

Aitheantóir	meta-SPC1
-------------	-----------

## 1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

Uimhir	1-1
--------	-----

## 1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)
-----------------------------	---

## 2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66	31,33
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5	27,0
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailecile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		3,52	8,23

## 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1

Foirmlíú (nó foirmlithe)	SL – Tiúchán intuaslachta
--------------------------	---------------------------

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Ina chúis le greannú craicinn. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
----------------	--



Ráitis réamhchúraim	<p>Má tá comhairle leighis de dhíth, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge in aice láimhe.</p> <p>Cinntigh nach féidir le leanaí lámh a leagan air.</p> <p>Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir.</p> <p>Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe.</p> <p>Caith lámhainní cosanta, éadaí cosanta agus cosaint súile.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN:Nigh le neart uisce.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.</p> <p>Glaigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir.</p> <p>Tá cóireáil shonrach (féach ar an teagasc maidir le garchabhair fhorlfontach ar an lipéad seo).</p> <p>Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.</p> <p>Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.</p>
---------------------	---

#### 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

##### 4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1.

#### Úsáid # 1 – Dífhabhtán nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	<p>Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p>
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer I limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch
Modh (nó modhanna) úsáide	<p>Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaise, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil</p> <p>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil</p>
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: -</p> <p>Airí caolaithe: 0,299% go 1,496%</p>

	<p>Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha:</p> <p>— Baictéir: 0,299% go 1,496% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C</p> <p>Orgánaigh sprice eile:</p> <p>— Víris agus giostaí imchlúdaithe: 0,299% go 1,496% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C</p> <p>Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29% i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1 lítear teacht le hanla</p> <p>Caidhpeanna athlionsa: 20 - 100 ml poileitiléin ard-dlúis (HDPE)</p> <p>Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó poileitiléin teireiftealait (PET)</p> <p>Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)</p> <p>Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)</p> <p>Coimeádán Builc Idirmheánach (IBC): 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)</p>

#### 4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaoil a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 2.

**Úsáid # 2 – Díghalráin limistéir bia agus beatha (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionscail bia)**

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer — i suíomhanna cónaithe, institiúide agus tionscail bia (díghalrú ginearálta)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuabte, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil  Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: -  Airí caolaithe: 0,299% go 1,496%  Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha:  — Baictéir agus giosta: 0,299% go 1,496% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C  Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29% i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistíú 1 lítear teacht le hanla  Caidhpeanna athlionsa: 20 - 100 ml poileitiléin ard-dlúis (HDPE) Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó poileitiléin teireiftealáit (PET) Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Coimeádán Builc Idirmheánach (IBC): 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coimníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE <sup>(1)</sup> MAIDIR LE META SPC 1**5.1. **Treoracha úsáide**

- Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m<sup>2</sup> nó 20 ml/m<sup>2</sup> nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).
- Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiriúla.
- Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.
- Cloí leis na treoracha úsáide.
- Tabharfar eolas ar gach aon lipéad táirge maidir leis an gcaoi is ceart an caolú a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlacht an táirge a ráthú. Os rud é go gcuimsíonn an tiúchan L-(+)-aigéad luchtach réimse ó 15,66% go 31,33% i dtáirgí laistigh den mheat-SPC seo, ní féidir na caoluithe táirge ar fad a lua anseo.

<b>Sampla i gcás táirge a bhfuil 15,66% de L-(+)-aigéad luchtach ann</b>	Caolú an táirge	Am teagmhála
Gníomhaíocht bhaictéarach agus giostaicéach	0,299% (20 ml den táirge, cuir isteach uisce suas go dtí 1 lítear)	5 nóiméad

Luafaidh sealbhóir an údaraithe ar an lipéad an toirt ábhartha den táirge atá lena caolú le huisce i gcás gach táirge ar leith

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

- Nigh do lámha tar éis an táirge dlútháin a úsáid.
- Seachain teagmháil le súile.
- Seachain steallta agus doirteadh le linn measctha agus lódála (caolú).
- I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.
- I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngaoth (gluaiseacht).

<sup>(1)</sup> Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

**I gcomhair úsáide gairmiúil amháin:**

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE 15		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaráithe	EU-0028967-0025 1-7				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33
Carbosaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		24,93
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		3,52

#### META SPC 8

##### 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 8

###### 1.1. Aitheantóir Meta SPC 8

Aitheantóir	meta-SPC8
-------------	-----------

###### 1.2. Iarmhír na huimhreach údaráithe

Uimhir	1-8
--------	-----

## 1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)
-----------------------------	---

## 2. COMHDHÉANAMH META SPC 8

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 8

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627	1,566

## 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 8

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL – Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 8

Ráitis ghuaise	
Ráitis réamhchúraim	

## 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 8

## 4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 16.

## Úsáid # 1 – Dífhabháin nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	-
Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer — I limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaipe, cóireáil tumtha, tumadh  Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: -  Airí caolaithe: 0  Airí uainithe:  Táirgí réidh le n-úsáid.  Am teagmhála: 5 nóiméad, 20°C
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistíú 1 lítear teacht le hanla  Spraeanna (SP05): 0,5 lítear- 0,75 lítear HDPE nó PET  Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET  Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)  Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) IBC: 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

#### 4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistíú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coimníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 17.

**Úsáid # 2 – Díghalráin limistéir bia agus beatha (díghalrán do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch)**

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer — I limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch (tionscail bia (ginearálta)).
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaipe, cóireáil tumtha, tumadh  Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: -  Airí caolaithe: 0 Airí uainithe: Táirgí réidh le n-úsáid. Am teagmhála: 5 nóiméad, 20°C
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3lítearar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1lítearteacht le hanla Spraeanna (SP05): 0,5lítear- 0,75lítearHDPE nó PET Buidéil: 0,5 - 5lítearHDPE nó PET Canna breosla: 1 - 80lítearHDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210lítearHDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) IBC: 1 000lítearHDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

## 4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 4.2.2. Beartha úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE <sup>(8)</sup> MAIDIR LE META SPC 8

### 5.1. Treoracha úsáide

- Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m<sup>2</sup> nó 20 ml/m<sup>2</sup> nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).
- Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiriúla.
- Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.
- Cloí leis na treoracha úsáide.

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

- I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.
- I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngeoith (gluaiseacht).

### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

- Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe
- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Má tharlaíonn siomptóim, sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhallionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.
- MÁ SHLOGTAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.
- MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

- Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpiopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.
- Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

- Coinnigh ar shiúl é ó leanaí nó pheataí.
- Seilfré: 2 bhliain.
- Cosnaítear ón tsíoc é.

<sup>(8)</sup> Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 8.

## 6. FAISNÉIS EILE

## 7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 8

## 7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_1		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0026 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

## 7.2. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_2		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0027 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

## 7.3. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SANILAK - Nettoyant désinfectant multi-usages Eucalyptus		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant sanitaires Eucalyptus		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant cuisine Eucalyptus		Réimse margaidh: EU		
	SALVE FAM5_3		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0028 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_4		Réimse margaidh: EU		
	YOU - All purpose disinfecting cleaner		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE - Désinfectant		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE PRO - Désinfectant Multi-usages		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE PRO - Désinfectant Salle de Bain		Réimse margaidh: EU		
	SANIVERT - Désinfectant		Réimse margaidh: EU		
	YOU - Nettoyant désinfectant toutes surfaces		Réimse margaidh: EU		
	YOU - Désinfectant WC détartrant		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0029 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

7.5. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_5		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0030 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,566

7.6. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_6		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant sols et surfaces		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0031 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,566

## 7.7. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaráithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_7		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant sols et surfaces Eucalyptus		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaráithe	EU-0028967-0032 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,566

## 7.8. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaráithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM5_8		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE - Désinfectant Multi-surfaces		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE PRO - Désinfectant Sol		Réimse margaidh: EU		
	MAISON VERTE PRO - Désinfectant Multi-surfaces		Réimse margaidh: EU		
	SANIVERT - Désinfectant Multi-surfaces		Réimse margaidh: EU		
	YOU - Désinfectant sols & surfaces		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaráithe	EU-0028967-0033 1-8				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,566

## META SPC 9

## 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 9

## 1.1. Aitheantóir Meta SPC 9

Aitheantóir	meta-SPC9
-------------	-----------

## 1.2. Iarmhír na huimhreach údaráithe

Uimhir	1-9
--------	-----



## 1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)
-----------------------------	---

## 2. COMHDHÉANAMH META SPC 9

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 9

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627	0,627

## 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 9

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL – Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 9

Ráitis ghuaise	
Ráitis réamhchúraim	

## 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 9

## 4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 18.

**Úsáid # 1 – Dífhabháin nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch)**

An cineál táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	-
Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer — I limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil  Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: -  Airí caolaithe: -  Airí uainithe:  Táirgí réidh le n-úsáid.  Am teagmhála: 5 nóiméad, 20°C
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1 lítear teacht le hanla  Spraeanna (SP05): 0,5 lítear - 0,75 lítear HDPE nó PET  Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET  Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)  Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

#### 4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.2. Beartha úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus beartha éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

#### 4.1.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 19.

## Úsáid # 2 – Díghalrán limistéir bia agus beatha (díghalrán do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spricorgánach (nó spricorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer — I limistéir cónaithe, institiúide agus tionsclaíoch (ginearálta)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil  Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: -  Airí caolaithe: -  Airí uainithe:  Táirgí réidh le n-úsáid.  Am teagmhála: 5 nóiméad, 20°C
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3lítearar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1lítearteacht le hanla  Spraeanna (SP05): 0,5lítear- 0,75lítearHDPE nó PET  Buidéil: 0,5 - 5lítearHDPE nó PET  Canna breosla: 1 - 80lítearHDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)  Druma: 10 - 210lítearHDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

## 4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE (\*) MAIDIR LE META SPC 9

### 5.1. Treoracha úsáide

— Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m<sup>2</sup> nó 20 ml/m<sup>2</sup> nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).

— Cloí leis na treoracha úsáide.

— Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiriúla.

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

— I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.

— I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngaoth (gluaiseacht).

### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

— Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Má tharlaíonn siomptóim, sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

— MÁ SHLOGTAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

— MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

— Ná sceith tairge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

— Faigh réidh le tairge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

— Coinnigh ar shiúl é ó leanaí npheataí.

— Seilfré: 2 bhliain.

— Cosnaítear ón tsíoc é.

## 6. FAISNÉIS EILE

-

(\*) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 9.

## 7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 9

## 7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM6_1		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0034 1-9				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

## 7.2. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM6_2		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant multi-usages Menthe		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant sanitaires Menthe		Réimse margaidh: EU		
	SANILAK - Nettoyant désinfectant cuisine Menthe		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0035 1-9				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

## 7.3. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	SALVE FAM6_3		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0036 1-9				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1759 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2023

**maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe do mhiasniteoirí tí arna ndrúchtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, maidir le táirge ar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm ina leith agus ar foilsíodh a uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór do na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann an táirge sin ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin. Leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa le haghaidh miasniteoirí tí. Leasaíodh Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2022 le Rialachán (AE) 2021/341 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, tar éis gníomh tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 16 den Rialachán sin ina socraítear ceanglais shonracha maidir le lipéadú, foilseoidh an Coimisiún tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcomhlíontar na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa den ghníomh tarmligthe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe sin i bhfeidhm le linn measúnú comhréireachta táirge, measfar go bhfuil na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa den ghníomh tarmligthe á gcomhlíonadh ag an múnla. Leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis na ceanglais tomhais agus ríofa le haghaidh miasniteoirí tí. Leasaíodh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/340 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

<sup>(2)</sup> Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh miasniteoirí tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1016/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 267).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2021/341 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/424, (AE) 2019/1781, (AE) 2019/2019, (AE) 2019/2020, (AE) 2019/2021, (AE) 2019/2022, (AE) 2019/2023 agus (AE) 2019/2024 a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le freastalaithe agus táirgí stórála sonraí, mótaí leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe, fearais chuisniúcháin, foinsí solais agus gléasanna rialaithe ar leithligh, taispeántais leictreonacha, miasniteoirí tí, meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoirí tí agus fearais chuisniúcháin a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh acu (IO L 68, 26.2.2021, lch. 108).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 134).

<sup>(7)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/340 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2013, (AE) 2019/2014, (AE) 2019/2015, (AE) 2019/2016, (AE) 2019/2017 agus (AE) 2019/2018 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh taispeántais leictreonacha, meaisíní níocháin tí agus meaisíní niteoir-triomadóirí tí, foinsí solais, fearais chuisniúcháin, miasniteoirí tí, agus fearais chuisniúcháin a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh acu (IO L 68, 26.2.2021, lch. 62).

- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329 <sup>(8)</sup>, chuir an Coimisiún iarraidh isteach chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (CENELEC) agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) chun na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana do mhiasniteoirí tí, do mheaisíní nócháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí a athbhreithniú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022, Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún <sup>(9)</sup>, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún <sup>(10)</sup>.
- (4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 4329, rinne CENELEC athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 60436:2020 arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020, agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-06 chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, athruithe eagarthóireachta a thabhairt isteach, agus slánú na n-uimhreacha tuairiscithe a ailíniú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/341 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/340. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh leasú EN 60436:2020/A12:2022 ar an gcaighdeán comhchuibhithe sin.
- (5) Rinne an Coimisiún, in éineacht le CENELEC, measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann leasú EN 60436:2020/A11:2022 a ghabhann le EN 60436:2020 arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020 agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-06, an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 4329.
- (6) Caighdeán comhchuibhithe EN 60436:2020, arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020 agus EN 60436:2020/A11:2022 agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-06, comhlíonann sé na ceanglais is aidhm leis a chumhdach, ar ceanglais iad a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2022 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017.
- (7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe EN 60436:2020, arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020 agus EN 60436:2020/A12:2022 agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-06, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (8) Cuirtear caighdeán comhchuibhithe EN 60436:2020, arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020 agus EN 60436:2020/A12:2022 agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-06 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 60436:2020, arna leasú le EN 60436:2020/A11:2020 agus arna cheartú le EN 60436:2020/AC:2020-6. Dá bhrí sin is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a tharraingt siar d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (9) Tá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 agus Rialachán (AE) 2019/2022 foilsithe faoi láthair le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/913 ón gCoimisiún <sup>(11)</sup> le srianta. I bhfianaise leasú EN 60436:2020/A12:2022, níl gá leis na srianta sin a thuilleadh.
- (10) Ós rud é go bhfuil líon substaintiúil leasuithe le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/913, ba cheart é a ionadú ar mhaithe leis an tsoiléireacht.

<sup>(8)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú a cuireadh chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh do mhiasniteoirí tí, do mheaisíní nócháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022 agus (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún agus le Rialachán Tharmligthe (AE) 2019/2017 agus (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún.

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh meaisíní nócháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 285).

<sup>(10)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh meaisíní nócháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún agus Treoir 96/60/CE ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 29).

<sup>(11)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/913 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe do mhiasniteoirí tí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 (IO L 199, 7.6.2021, lch. 13).

- (11) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe i ndáil le lipéadú fuinnimh miasniteoirí tí, arna dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/2017 agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Déantar leis seo an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe i ndáil le héicidhearthóireacht miasniteoirí tí, arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022 agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/913.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



## IARSCRÍBHINN I

**Tagairt don chaighdeán comhchuibhithe arna dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe  
(AE) 2019/2017**

EN 60436:2020

Miasniteoirí leictreacha atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas

EN 60436:2020/A11:2020

EN 60436:2020/AC:2020-06

EN 60436:2020/A12:2022

*IARSCRÍBHINN II***Tagairt don chaighdeán comhchuibhithe arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2022**

EN 60436:2020

Miasniteoirí leictreacha atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas

EN 60436:2020/A11:2020

EN 60436:2020/AC:2020-06

EN 60436:2020/A12:2022

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1760 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 11 Meán Fómhair 2023**

**maidir le haitheantas a thabhairt don tuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla ó shaothrú olashíl canóla (síol ráibe) san Astráil faoi Airteagal 31(3) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinní in-athnuaite a chur chun cinn <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 nach mór go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10), leagtar síos tairseacha sonracha maidir leis an laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31, leagtar amach an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú bunábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó trúú tíortha iad a thuirisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.
- (2) An 18 Bealtaine 2023, sheol an Astráil an tuarascáil deiridh ina bhfuil na sonraí chuig an gCoimisiún chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú olashíl canóla (síol ráibe) a tháirgtear de ghnáth i réigiúin san Astráil atá coibhéiseach le réigiúin NUTS 2 <sup>(2)</sup> an Aontais a thomhas, tuarascáil inar iarr sí go dtabharfaí aitheantas do chruinneas na sonraí sin i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.
- (3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go soláthraítear léi sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú olashíl canóla (síol ráibe) a tháirgtear de ghnáth i réigiúin san Astráil atá coibhéiseach le réigiúin NUTS 2 an Aontais a thomhas.
- (4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An tuarascáil ar chuir an Astráil faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Bealtaine 2023 chun aitheantas a fháil ina leith, soláthraítear léi sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú olashíl canóla (síol ráibe) a tháirgtear de ghnáth i réigiúin san Astráil atá coibhéiseach le réigiúin NUTS 2 an Aontais a thomhas, de bhun Airteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Leagtar amach san Iarscríbhinn achoimre ar shonraí na tuarascála.

<sup>(1)</sup> IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

<sup>(2)</sup> Is córas aicmithe é NUTS le haghaidh aonaid chríche an Aontais Eorpaigh maidir le staidreamh.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo bailí ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis dháta a theacht i bhfeidhm. I gcás ina ndéanfar athrú ar ábhar na tuarascála, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í san iarraidh ar aitheantas an 18 Bealtaine 2023, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhunús an Chinnidh seo, cuirfear na hathruithe sin in iúl don Choimisiún láithreach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear sonraí cruinne fós leis an tuarascáil a bhfuil sí aitheanta ina leith.

*Airteagal 3*

Féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh seo a aisghairm má léirítear go soiléir nach soláthraítear leis an tuarascáil a thuilleadh sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú olashíl canóla (síol ráibe) a tháirgtear san Astráil a thomhas.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú olashíl canóla (síol ráibe) i Stáit na hAstráile  
(tona CO<sub>2</sub>-eq/tona síl canóla a bhuintear ar bhonn ábhar tirim)**

	N2O ithreach		Fuíoll bairr	Leabaithe			Úsáid breo-sla	Aigéadú leasa-cháin	Síol	Iomlán
	Dír-each	Indír-each		Leasa-chán	Lotnaidicíd	Aol				
New South Wales	0,060	0,015	0,056	0,229	0,038	0,002	0,065	0,041	0,002	0,508
Aon fheidhm amháin	0,057	0,011	0,066	0,248	0,047	0,002	0,075	0,044	0,002	0,554
Dhá fheidhm	0,039	0,007	0,026	0,162	0,018	0,001	0,029	0,028	0,002	0,313
Uiscithe	0,261	0,136	0,066	0,327	0,007	0,003	0,096	0,058	0,001	0,954
Victoria	0,023	0,009	0,062	0,221	0,036	0,002	0,050	0,040	0,002	0,444
Aon fheidhm amháin	0,024	0,009	0,065	0,226	0,038	0,002	0,052	0,041	0,002	0,458
Dhá fheidhm	0,017	0,006	0,030	0,161	0,017	0,001	0,024	0,029	0,002	0,288
Queensland	0,061	0,008	0,063	0,239	0,054	0,002	0,167	0,043	0,003	0,641
An Astráil Theas	0,016	0,004	0,059	0,214	0,068	0,002	0,062	0,039	0,002	0,466
Aon fheidhm amháin	0,012	0,002	0,061	0,216	0,071	0,002	0,064	0,039	0,002	0,469
Dhá fheidhm	0,009	0,001	0,028	0,155	0,032	0,001	0,029	0,028	0,002	0,285
Uiscithe	0,232	0,125	0,061	0,288	0,007	0,003	0,096	0,052	0,001	0,865
Iarthar na hAstráile	0,014	0,003	0,058	0,225	0,030	0,002	0,069	0,037	0,002	0,441
Aon fheidhm amháin	0,014	0,003	0,059	0,225	0,031	0,002	0,069	0,037	0,002	0,441
Dhá fheidhm	0,010	0,002	0,023	0,159	0,012	0,001	0,027	0,026	0,002	0,263
An Tasmáin*	0,240	0,127	0,057	0,298	0,013	0,003	0,079	0,054	0,001	0,873



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)